



SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2006

Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh–Líníocht Ardleibhéal

Eisithe do Mhúinteoirí Ealaíne & do Mhic Léinn Ealaíne, Ceardaíochta, Dearaidh 26 AIBREÁN 2006
TÁ 100 MARC AG DUL DON PHÁIPÉAR SEO

Beidh an scrúdú ar siúl ar 3 BEALTAINÉ 2006

Treoracha d'iarrthóirí

IS CEADMHACH duit dath a úsáid más mian leat agus meáin oiriúnacha ar bith: Pinn luaidhe, Pastail, Criáin, Peann agus Dúch, Péinteanna, Marcóirí, nó cnuasach ar bith díobh seo, chun do líníochtaí a tharraingt.

NÍ FÉIDIR bileoga líníochta thar tomhas A2 a úsáid.

DEIMHNIGH GO bhfuil do scrúduimhir cheart scríofa go soiléir sa spás atá ann di ar gach bileog líníochta atá á tabhairt agat le scrúdú.

CUIRFEAR TÚS le scrúduithe na nDeilbheacha Nádúrtha agus na nDeilbheacha Saorga ar 9.30m agus críochnóidh siad ar 10.30m.

BEIDH SOS 30 nóiméad ann idir deireadh do chéad rogha scrúdú agus tús scrúdú na nDeilbheacha Daonna a thosóidh ar 11.00m agus a chríochnóidh ar 12.30in.

CEADAÍTEAR 90 nóiméad le haghaidh líníocht na nDeilbheacha Daonna, na tréimhsí sosa uile le haghaidh an chuspa bheo san áireamh.

I RITH an scrúdaithe, tabharfaidh an feitheoir ar ais duit clúdach Choimisiún na Scrúduithe Stáit ina bhfuil do shaothar ar an tionscadal 2D. Nuair a bheidh gach roinn den scrúdú seo thart, cuir do líníochtaí sa chlúdach chomh maith leis an gcuid eile de do shaothar tionscadail.

ANSIN DÚN agus séalaigh an clúdach.

Ní mór duit staidéar a dhéanamh as

| | | |
|--|----------------------|----------------|
| Catagóir A | Deilbheacha Nádúrtha | 9.30m–10.30m |
| NÓ Catagóir B | Deilbheacha Saorga | 9.30m–10.30m |
| AGUS, CHOMH MAITH, AS Catagóir C | Deilbheacha Daonna | 11.00m–12.30in |

Catagóir A

MARCANNA–BREATHNADÓIREACHT 25 · LÉIRIÚ 25

Deilbheacha Nádúrtha

Roghnaigh ceann amháin as an liosta thíos

- Triopall de chaora fíniúna**
- Cabáiste**
- Beacán (muisiriúin)**
- Oinniún**
- Piorra**
- Giota de chraobhóg**
- Anann**
- Planda faoi bhláth**
- Sliogáin**
- Fód móna**
- Fiailí**

Tarraing líníocht den fhíor iomlán agus líníocht de chuid di a thaitníonn leat. Is féidir an chuid seo a mhéadú chun béim a chur ar a gnéithe uile.

NÓ

Catagóir B

MARCANNA–BREATHNADÓIREACHT 25 · LÉIRIÚ 25

Deilbheacha Saorga

Roghnaigh ceann amháin as an liosta thíos

- Ceamara**
- Coinnleoir**
- Croca gairdín maisiúil**
- Cartán uibheacha**
- Plocóid leictreach**
- Greadtóir bia**
- Coisbheart**
- Giotár**
- Muileann piobair**
- Scuab sciúrtha**
- Carn leabhar**

Tarraing líníocht den fhíor iomlán agus líníocht de chuid di a thaitníonn leat. Is féidir an chuid seo a mhéadú chun béim a chur ar a gnéithe uile.

Catagóir C

MARCANNA–BREATHNADÓIREACHT 25 · LÉIRIÚ 25

Deilbheacha Daonna

An staidiúir bheo a éilítear

Ba chóir don chuspa beo a bhíonn ann don scrúdú líníochta seo a bheith suite ar chathaoir.

Ba chóir go mbeadh cosa an chuspa leagtha ar an urlár, an chos dheas chun tosaigh agus an chos chlé beagán ar gcúl.

Ba chóir go mbeadh a d(h)á lámh leagtha ar a (h)ucht ag an gcuspa, greim aige/aici ar liathróid peile (na méara as radharc) agus a c(h)eann ag féachaint roimhe/roimpi amach ar a shocracht.

Ní mór duit líníocht a tharraingt den chuspa beo ag taispeáint na staidiúire iomláine,

NÓ

Ní mór duit líníocht a tharraingt den chuspa beo ag taispeáint an chloiginn agus na nguailí. Caithfear gnéithe uile na haghaidhe is féidir leat a fheiceáil a bhreacadh sa líníocht a tharraingíonn tú.

LEATHANACH BÁN